## Roinn A

**Freagair deich gceist ar bith as an roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. **(6)**

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is é cailciam is cúis le cnámha agus fiacla laga. | | ✓ |
| Bíonn cailciam ag teastáil don fhuiltéachtadh. | ✓ | |
| Bíonn cailciam riachtanach do ghnáthchrapadh na matán. | ✓ | |

**2.** Bain úsáid as na focail ar an liosta thíos chun na ráitis seo a leanas a chomhlánú maidir leis an éifeacht a bhíonn ag teas ar bhianna próitéine. **(6)**

***imoibriú maillard, téachtadh, teimhneach***

Tugann teas ar an bpróitéin in uibheacha ***téachtadh***.

***Imoibriú maillard*** a thugtar ar an donnúchán neamh-einsímeach a tharlaíonn ar bhianna próitéine.

Athraíonn an dath ar fheoil éisc ó thrédhearcach go ***teimhneach*** agus í á cócaráil.

**3.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a mbíonn tionchar ag cúrsaí cultúir ar na roghanna bia a dhéanann daoine óga. **(6)**

(i) *baineann bianna áirithe le cultúir áirithe; reiligiún; teilifís; taisteal;*

(ii) *mar gheall ar inimirce agus ar mhodhanna níos fearr le bia a phróiseáil tá tionchar ilchultúrtha le sonrú ar an réim bia in Éirinn, cineál saoil an teaghlaigh; patrúin itheacháin; etc.*

**4.** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag Vitimín C. **(6)**

(i) *collaigin a tháirgeadh; fás; fuileadáin shláintiúla a fhoirmiú; brú craicinn a chosc;*

(ii) *cneasú créachta a luathú; frithocsaídeoir; an córas imdhíonachta a chothú trí throid in aghaidh ionfhabhtaithe; iarann agus cailciam a ionsú; scorbach a chosc; etc.*

Ainmnigh **dhá** fhoinse mhaithe chothaithe óna bhfaightear Vitimín C.

(i) **Torthaí:** *cuiríní dubha, cíobhaíonna, oráistí, seadóga, sútha talún, mealbhacáin, mogóirí róis; etc.*
(ii) **Glasraí:** *piobair, cabáiste, trátaí, spionáiste, brocailí, prátaí; etc.*

**5.** Luaigh **<u>trí</u>** athrú sa chineál saoil a mholtar do dhaoine atá i mbaol galar corónach croí a bheith acu. **(6)**

(i) cloí le réim bia ina bhfuil beagán colaistéaróil agus beagán salainn agus bia beagmhéathrais; meáchan a laghdú;

(ii) gan tobac a chaitheamh; gan alcól a ól; níos mó aclaíochta;

(iii) leibhéil struis a laghdú; etc.

**6.** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. **(6)**

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Má bhíonn einsímí i mbia tarlaíonn milleadh bia. | ✓ | |
| Is modh é déanamh seatnaí chun milleadh bia a chosc. | ✓ | |
| Is é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann atá freagrach as bia na hÉireann a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. | | ✓ |

**7.** Déan na cineálacha cáise atá ar an liosta thíos a mheaitseáil lena n-aicme chomhfhreagrach. **(6)**

***sliseanna cáise, cáis Parma, mozzarella***

| **Aicme cáise** | **Cineál** |
|---|---|
| Cáis chrua | *cáis Parma* |
| Cáis bhog | *mozzarella* |
| Cáis phróiseáilte | *sliseanna cáise* |

**8.** Liostaigh **<u>dhá</u>** thréith (cáilíochtaí) inmhianaithe maidir le hábhair phacáistithe bia. **(6)**

(i) *láidir; buanfasach; aerdhíonach; sláinteach; sábháilte; tarraingteach; éasca a oscailt; éasca a athshéalú; gan aon bholadh;*

(ii) *éasca a stóráil; in-bhithmhillte; in-athchúrsáilte; taisedhíonach agus galdíonach; a bheith in ann teas a sheasamh; a bheith in ann faisnéis a scríobh orthu; tá coimeádáin chéirbhrataithe láidir agus buanfasach; cuireann stáin laicearaithe cosc ar imoibriú le bia; éadrom agus solúbtha; a bheith in ann iad a úsáid arís; etc.*

Ainmnigh **<u>dhá</u>** ábhar a úsáidtear chun bia a phacáistiú.

(i) *gloine; páipéar; miotal;* (ii) *plaisteach; polaistiréin; poileitiléin; Teireataláit (PET); etc.*

**9.** Bain úsáid as na focail ar an liosta thíos chun na ráitis seo a leanas a chomhlánú maidir le bailchríocha lasairmhoillitheacha a úsáidtear ar theicstílí. **(6)**

***féin-mhúchadh, Proban, inadhainteacht***

Laghdaíonn bailchríocha lasairmhoillitheacha ***inadhainteacht*** fabraice.

Is bailchríoch lasairmhoillitheach é ***Proban***.

Má bhíonn bailchríocha lasairmhoillitheacha ar fhabraic is féidir leo ***féin-mhúchadh***.

**10.** Ainmnigh **dhá** chineál creidmheasa atá ar fáil do thomhaltóirí agus iad ag ceannach earraí tí. **(6)**

(i) *iasacht phearsanta/théarmach; rótharraingt; fruilcheannach;*

(ii) *cártaí creidmheasa; cártaí muirir; cártaí siopa; etc.*

Luaigh an príomhbhuntáiste a bhaineann le ceann **amháin** de na cineálacha seo creidmheasa a ainmníonn tú.

*Is féidir earraí a úsáid láithreach; is féidir earraí móra costasacha a cheannach, e.g. cuisneoirí, troscán, etc.; is féidir le cártaí creidmheasa suas le 56 lá saor ó ús a thairiscint má íoctar an bille in am; úsáideach i gcásanna éigeandála; íoctar an iasacht ar ais de réir suimeanna seasta thar thréimhse shocraithe; sábháilteacht – ní gá duit lear mór airgid a bheith ar iompar agat; etc.*

**11.** Mínigh cén fáth a spreagann scéimeanna dílseachta, a mbaineann asraonta miondíola feidhm astu, tomhaltóirí le hearraí a cheannach. **(6)**

*Is féidir leas a bhaint astu mar mhodh coigilte le haghaidh ócáidí éagsúla, e.g. an Nollaig; tiontaítear an t-airgead a chaitear ina phointí, is féidir na pointí a charntar a úsáid chun earraí níos saoire a fháil ag deireadh tréimhse sheasta; is féidir na pointí a úsáid chun earraí a cheannach; etc.*

Ainmnigh scéim dhílseachta **amháin** do lucht siopadóireachta.

*Applegreen; cártaí Real Rewards de chuid SuperValu; cártaí value club de chuid Dunnes Stores; clubcard de chuid Tesco; Costa Coffee; Boots; IKEA; etc.*

**12.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart atá ag tomhaltóirí. **(6)**

(i) *ceart chun faisnéis mhacánta fhírinneach a fháil; ceart i leith roghanna; ceart i leith luach ar airgead;*

(ii) *ceart sábháilteachta; ceart chun sásamh a fháil – deisiúchán, ceann nua, aisíocaíocht; etc.*

Luaigh an fheidhm atá ag an Nós Imeachta um Éilimh Bheaga.

*Déileálann sé le díospóidí tomhaltóra go tapa; neamhchostasach; féadfaidh an Cláraitheoir nó an Chúirt éilimh suas le €2,000 a réiteach; etc.*

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1.** ***'Is fadhb choitianta í uireasa (easpa) iarainn i leanaí, agus tuigtear as an taighde go mbíonn drochthionchar aige sin ar an leanbh ar a lán slite nuair a bhíonn sé/sí ag forbairt.'***
(*Siobhan O'Sullivan, Diaitéiteach, Ospidéal Muire Mháthair, Cromghlinn.*)

Sa tábla thíos taispeántar an méid cothaitheach atá i gceithre fheoil éagsúla.

| Feoil | Próitéin | Saill | Cailciam | Iarann | Vitimíní |
|---|---|---|---|---|---|
| **Mairteoil** | 18.1g | 17.1g | 7mg | 1.9mg | Grúpa B |
| **Circeoil** | 24.8g | 5.4g | 9mg | 0.8mg | Grúpa B |
| **Ae** | 24.9g | 13.7g | 14mg | 8.8mg | Grúpa B, C, D |
| **Muiceoil** | 15.8g | 29.6g | 8mg | 0.8mg | Grúpa B |

(a) Cén fáth a bhfuil uireasa iarainn i leanaí ina fadhb choitianta, dar leat? **(8)**

***2 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Is fearr le leanaí circeoil nach bhfuil mórán iarainn inti ná feoil dhearg; ní thaitníonn feoil le roinnt leanaí; ní itheann siad go leor glasraí duilleacha ina réim bia laethúil; b'fhéidir go bhfuil easpa vitimín C iontu le haghaidh ionsú iarainn; itheann leanaí a lán bianna ardphróiseáilte; etc.*

(b) Agus tú ag baint úsáide as an eolas atá curtha ar fáil sa tábla **agus** ag cuimhneamh duit ar na treoirlínte reatha maidir le hitheachán sláintiúil, déan trácht ar luach cothaitheach na bhfeolta éagsúla atá ainmnithe thuas. **(24)**

***4 phointe @ 6 mharc an ceann***

*Is san ae atá an céatadán is airde de phróitéin ar ardluach bitheolaíoch (HBV) le haghaidh fáis agus dheisiú chealla an choirp; de chailciam le haghaidh cnámh agus fiacla; d'iarann chun ainéime a chosc; tá vitimín C agus vitimín D ann nach bhfuil i bhfeoil eile; tá go leor saill sháithithe i muiceoil, rud is ábhar le murtall agus galar corónach croí (CHD); is í is lú le próitéin inti; tá mairteoil ar an dara feoil is mó a bhfuil iarann inti atá riachtanach chun ainéime a chosc; bia beagmhéathrais í circeoil, an dara ceann is mó a bhfuil próitéin HBV inti; tá vitimíní B san uile fheoil le haghaidh scaoileadh fuinnimh, táirgeadh fuilcheall deirge; cúnamh chun néarchórais agus córais imdhíonachta shláintiúla a choinneáil; tá méideanna éagsúla cailciam i ngach feoil; etc.*

(c) (i) Tabhair cuntas ar an iarann faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- foinsí sa réim bia **(12)**

***3 fhoinse @ 4 mharc an ceann***

*Feoil dhearg, circeoil, ae, duán, plúr slánghráin, uibheacha, gránaigh, brocailí, cabáiste, piseánach; etc.*

- feidhmeanna sa chorp **(8)**

***2 fheidhm @ 4 mharc***

*Haemaglóibin a chruthú san fhuil; iompraíonn haemaglóibin ocsaigin timpeall an choirp; tá baint aige le táirgeadh mióglóibine a iompraíonn ocsaigin chuig na matáin; feidhmiú éifeachtachna n-einsímí sa chorp; oibríonn sé le heinsímí chun fuinneamh a scaoileadh ó bhia; cuireann sé cosc ar ainéime; etc.*

- iarmhairt na heaspa. **(4)**

***1 iarmhairt @ 4 mharc***

*Tuirse; easpa fuinnimh; dath bán ar an gcraiceann; matáin thuirseacha; díth anála, ainéime; etc.*

(ii) Ainmnigh cothaitheach **amháin** atá riachtanach le hiarann a ionsú. **(4)**

***1 chothaitheach @ 4 mharc***

*Vitimín C*

(d) Déan cur síos ar **cheithre** shlí inar féidir an bille seachtainiúil bia a laghdú agus feoil úr agus táirgí feola á gceannach. **(20)**

***4 phointe @ 5 mharc an ceann***

***(1 tagairt d'fheoil úr, 1 tagairt do tháirgí feola, móide2 thagairt eile)***

*Ceannaigh gearrthacha feola níos saoire, e.g. feoil mhionaithe; téigh chuig siopaí éagsúla chun na tairiscintí speisialta a fháil; déan do chuid siopadóireachta in ollmhargaí móra seachas i siopaí áise beaga toisc go mbíonn siad níos saoire go hiondúil; roghnaigh feoil úr nach bhfuil cnámha ná an iomarca saille inti; ceannaigh táirgí feola ar an mórchóir nuair a bhíonn tairiscint speisialta ar siúl agus cuir sa reoiteoir iad; déan béilí a phleanáil roimh ré; ná ceannaigh ach an méid is gá chun fuílleach a sheachaint; ceannaigh feoil is éasca a atéamh agus a reo má bhíonn fuílleach bia ann; etc.*

**2. 'Ní hé go bhfuil an buama ama maidir leis an murtall ag ticeáil a thuilleadh – tá sé tar éis pléascadh; mar náisiún táimid ag éirí níos raimhre in aghaidh na bliana.'**

(*Irish Independent, Deireadh Fómhair 2014*)

(a) Déan plé orthu seo a leanas: **(i)** na nithe is cúis leis an murtall **agus (ii)** na rioscaí sláinte a bhaineann leis an murtall. **(20)**

***2 chúis @ 5 mharc an ceann***

**Cúiseanna:** *neamhchothroime san iontógáil fuinnimh agus sa chaiteachas fuinnimh; cineál saoil neamhghníomhach; easpa aclaíochta; tosca síceolaíocha – dúlagar, leadrán; neamhchothroime hormónach (faireog thíoróideach); patrúin itheacháin mhíshláintiúla; ag ithe idir béilí; drochroghanna bia; ag ithe an iomarca bianna próiseáilte; etc.*

***2 riosca sláinte @ 5 mharc an ceann***

**Rioscaí sláinte:** *diaibéiteas; clocha domlais; féinmheas lag; stróc; galar croí; airtríteas; ardbhrú fola; colaistéaról ard; dúlagar; pian sa droim de bharr meáchan breise; féitheacha borrtha; neamhthorthúlacht; deacrachtaí le linn breith clainne; ionchas saoil níos giorra; etc.*

(b) Ag cuimhneamh duit ar na treoirlínte reatha maidir le hitheachán sláintiúil, déan biachlár (3 bhéile) le haghaidh aon lae amháin a phleanáil do dhuine murtallach. **(18)**

***3 bhiachlár @ 6 mharc an ceann***

| |
|---|
| ***Bricfeasta***<br><br>*Sú Oráiste*<br>*Bran Flakes agus Bainne Beagmhéathrais*<br>*Ubh Scallta ar Thósta*<br>*Tae/Caife/Uisce/Bainne Beagmhéathrais* |
| ***Lón***<br><br>*Anraith Muisiriún Baile*<br>*Arán Donn*<br>*Iógart Sútha Talún*<br>*Úll*<br>*Uisce/ Tae/Caife* |
| ***Dinnéar***<br><br>*Meallta Mealbhacáin*<br>*Suaithfhriochadh Sicín agus Rís*<br>*Sailéad Torthaí Úra*<br>*Tae/Caife* |

(c) Scríobh cuntas faisnéiseach faoi na hathruithe sa réim bia in Éirinn san 21ú haois. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc***

*Tá éagsúlacht bianna agus modhanna cócarála ag teacht isteach in áit na gceann níos traidisiúnta; béilí neamhrialta; itear an príomhbhéile sa tráthnóna; itheann daoine aonair sa teaghlach ag amanna difriúla; aistriú go bianna áisiúla atá éasca a ullmhú nach mbíonn i bhfad ag cócaráil; is minic a bhíonn bianna micreathonnáin agus bianna fulachta mar chuid den réim bia; rís, pasta agus cúscús, á n-ithe in áit prátaí; daoine ag dul amach ag ithe níos minice; daoine ag tabhairt níos mó airde ar chúrsaí sláinte, cuid mhór bianna beagmhéathrais ar fáil; éileamh ar bhianna próiseáilte/áisiúla; tionchar ag saoire thar lear ar phatrúin itheacháin; inimircigh go hÉirinn; cláir theilifíse; tá daoine ag tabhairt níos mó airde ar luach cothaitheach agus baineann siad leas as lipéadú bia nuair a roghnaíonn/a cheannaíonn siad bia; teacht níos lú ar tháirgí baile; táirgí ar fáil i gcaitheamh na bliana mar gheall ar iompórtálacha; etc.*

**3. Is bia den chéad scoth é an t-iasc. Níl mórán calraí ann agus tá sé lomlán maitheasa.**

(a) Tabhair cuntas **(i)** ar luach cothaitheach, **agus (ii)** ar luach diaitéiteach, an éisc. **(24)**

***4 phointe @ 6 mharc an ceann***

***(1 tagairt do luach cothaitheach, 1 tagairt do luach diaitéiteach, + 2 thagairt eile)***

***Luach cothaitheach:*** *Próitéin HBV; saill neamhsháithithe; vitimín B san uile iasc; vitimín A agus vitimín D agus aigéid shailleacha Óimige-3 le fáil in iasc olúil; vitimín C in oisrí; vitimín A agus vitimín D in olaí ae éisc; mianraí – iaidín; fosfar; fluairín; sinc i mbunús na n-iasc; cailciam in iasc stánaithe; iarann i sliogéisc agus i sairdíní; níl carbaihiodráití ar bith in iasc; etc.*

***Luach diaitéiteach:*** *éasca a dhíleá, oiriúnach do leanaí, do dhaoine aosta, d'easláin, etc.; próitéin le haghaidh fáis i leanaí agus in ógánaigh; matáin shláintiúla agus deisiú san uile aoisghrúpa; saill il-neamhsháithithe; aigéid shailleacha Óimige-3 – cúnamh chun CHD agus ailse a laghdú; oiriúnach do réim bia lena mbaineann líon beag calraí toisc nach bhfuil saill ar bith in iasc geal; níl carbaihiodráití ar bith in iasc agus ba chóir mar sin é a chur chun boird le bianna ina bhfuil carbaihiodráití; ilúsáideach – is féidir leas a bhaint as modhanna éagsúla cócarála; is féidir iad a fháil próiseáilte taobh amuigh den séasúr; ní thógann sé i bhfad iad a chócaráil agus, dá bhrí sin, coiglítear am agus breosla; etc.*

(b) Ainmnigh **<u>trí</u>** mhodh éagsúla le hiasc a chócaráil **agus** mínigh conas a chuirtear ceann **<u>amháin</u>** de na modhanna cócarála i gcrích. **(20)**

***3 mhodh @ 4 mharc an ceann***

*Bácáil; gríoscadh; róstadh; friochadh éadomhain, friochadh domhain, suaithfhriochadh; galú; cócaráil sa mhicreathonnán; scalladh; stobhadh/cócaráil i gcasaról; cócaráil ar an beárbaiciú; etc.*

***2 phointe @ 4 mharc an ceann***

***Modh cócarála:***

***Bácáil:*** *cócaráil le teas tirim an oighinn trí chomhiompar; etc.* ***Cócaráil ar an mbeárbaiciú:*** *bia a chócaráil le teas radanta ar ghreille os cionn gualaigh atá ag dó nó lasracha gáis; etc.* ***Gríoscadh:*** *bia a chócaráil le teas radanta faoi ghreille, séalaíonn teas dromchla an bhia agus cuireann sé sin cosc ar chaillteanas teasa; etc.* ***Róstadh:*** *bia a chócaráil i mbeagán saille sa stán rósta san oigheann; etc.* ***Galú:*** *bia a chócaráil le gal a éiríonn as uisce beirithe, is féidir é a dhéanamh idir dhá phláta thar sháspan uisce beirithe, i mbabhla clúdaithe atá ina sheasamh i sáspan uisce beirithe, i ngalchorcán; etc.* ***Cócaráil sa mhicreathonnán:*** *modh tapa cócarála, gintear teas sa bhia trí thonnta leictreamaighnéadacha, critheann na móilíní sa bhia de bharr na dtonnta agus cruthaítear teas dá bharr; etc.* ***Scalladh:*** *bia a chócaráil go réidh i leacht atá beagán faoi bhun an phointe suanbhruite, i.e. 85°C, is féidir é a dhéanamh i sáspan ar an hab nó i gcasaról san oigheann; etc.* ***Stobhadh/cócaráil i gcasaról:*** *úsáid a bhaint as teas íseal i leacht i gcoimeádán clúdaithe ar an hab nó san oigheann, déantar an bia a chócaráil trí chomhiompar agus trí sheoladh; etc.* ***Friochadh: Suaithfhriochadh*** *– bia a chócaráil i wok i mbeagán ola; etc.* ***Friochadh domhain*** *– bia a chócaráil agus é tumtha i saill the i ndomhainfhriochtán; etc.* ***Friochadh éadomhain*** *– bia a chócaráil i saill the i bhfriochtán ar an hab; etc.*

(c) Luaigh an buntáiste a bhaineann le *hAigéid Shailleacha Óimige-3* sa réim bia. **(6)**

***1 phointe @ 6 mharc an ceann***

*Laghdaíonn siad an baol go dtarlóidh taom croí; stróc; galar imshruthaithe agus téachtáin fola; laghdaíonn siad carnadh colaistéaróil; laghdaíonn siad ardbhrú fola; laghdaíonn siad an baol go dtarlóidh ailsí áirithe (próstatach); cuireann siad gníomhaíocht inchinn shláintiúil chun inn; cuireann siad díriú intinne chun feabhais; teastaíonn siad le haghaidh chúram na n-alt; etc.*

4. **Is mic léinn iad Seán agus Barra atá sa chéad bhliain sa choláiste. Tá siad ina gcónaí in áit atá ar cíos acu. Tá sé i gceist acu an príomhbhéile a chócaráil dóibh féin gach lá.**

(a) Leag amach torthaí staidéir a rinne tú ar ghléas tí beag leictreach a chabhródh le Seán agus le Barra tascanna a dhéanamh nuair a bhíonn bia á ullmhú acu.

Bíodh tagairt dóibh seo a leanas:

- an cineál gléis a mholfá agus an chúis le do rogha **(8)**

***1 chineál @ 4 mharc***

***Cineál:*** *micreathonnán; citeal; tóstaer ceapairí/gríoscán teagmhála; súire/déantóir caoineog; tóstaer; próiseálaí bia; etc.*

***1 chúis @ 4 mharc***

***Cúis:*** *e.g.* ***micreathonnán*** *– béilí ullmhaithe a atéamh; bianna a chócaráil; etc.* ***citeal –*** *uisce a fhiuchadh go tapa, méid mór nó méid beag; etc.* ***tóstaer ceapairí/gríoscán teagmhála*** *– is féidir béile iomlán a chócaráil taobh istigh de roinnt nóiméad; etc.* ***súire/déantóir caoineog*** *– súnna agus caoineoga úra a ullmhú go tapa; etc.* ***tóstaer*** *– arán a thóstáil agus a dhí-reo; etc.* ***próiseálaí bia*** *– is féidir é a úsáid le bia a ghearradh, a ghrátáil, le slisní a dhéanamh; etc.*

- na tosca ba chóir a chur san áireamh agus an gléas á roghnú **(9)**

***3 thoisc @ 3 mharc an ceann***

*Costas; costais reatha; cáilíocht; éifeachtúlacht; an spás atá ar fáil; méid; branda; dearadh agus déanamh; éasca a oibriú; éasca a ghlanadh; gnéithe sábháilteachta; ráthaíocht; seirbhís iardhíola; etc.*

- na treoirlínte a bhaineann lena húsáid **(9)**

***3 threoirlíne @ 3 mharc an ceann***

*Cloí le treoracha an déantóra; cloí leis na treoracha sábháilteachta; plugáil isteach in áit oiriúnach le sábháilteacht; cur le chéile i gceart; úsáid a bhaint as an luas/teocht cheart; úsáid a bhaint as na sásanna cearta; etc.*

(b) Mol modh íocaíochta **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid chun an gléas a cheannach **agus** luaigh cén fáth a mbeadh an modh íocaíochta seo oiriúnach. **(12)**

***1 mhodh @ 6 mharc, 1 phointe @ 6 mharc an ceann***

***Airgead tirim:*** *tapa; áisiúil; ní bhíonn sé ina ábhar le róchaitheamh; etc.* ***Seic:*** *sábháilte agus áisiúil; is féidir saoráid rótharraingthe a shocrú; etc.* ***Cárta dochair (cárta léasair):*** *áisiúil; glacann na miondíoltóirí ar fad é; is féidir aisairgead a fháil; níos sábháilte ná airgead tirim a bheith ar iompar agat; etc.* ***Cárta creidmheasa:*** *níos sábháilte ná airgead tirim a bheith ar iompar agat; áisiúil; glacann bunús na n-asraonta é; ní gá ús ar bith a íoc má íoctar an t-iarmhéid ina iomláine; etc.* ***Baincéireacht ar líne/Paypal:*** *teacht air 24 uair sa lá; is féidir leis an íocaíocht a bheith ar chaoithiúlacht an chustaiméara; etc.*

(c) Déan cur síos ar an nós imeachta ba chóir a leanúint dá mbeadh fadhb leis an ngléas tí nua. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc***

*Fill ar an siopa leis an ngléas; an ráthaíocht; an admháil; labhair leis an mbainisteoir; mínigh an fhadhb; abair leis/léi cad a theastaíonn uait – aisíocaíocht, ceann nua, deisiúchán; etc.*

**5. Áit an-difriúil a bheadh sa domhan mura mbeadh aon teaghlach ann toisc, go bunúsach, an oiread sin feidhmeanna a bheith á gcomhlíonadh aige.**

(a) Pléigh **gach** ceann de na feidhmeanna seo a leanas de chuid an teaghlaigh:

- feidhm fhisiciúil
- feidhm mhothúchánach
- feidhm oideachasúil
- sóisialú. **(28)**

***4 fheidhm @ 7 mharc an ceann***

***Feidhm fhisiciúil:*** *cosaint daoine leochaileacha (daoine óga, daoine aosta, daoine tinne agus daoine a bhfuil máchail choirp nó intinne orthu); bia; teas; foscadh; tuismeadh; etc.*

***Feidhm mhothúchánach:*** *baile sábháilte slán, áit ina dtig le leanaí braistintí a phlé agus mothúcháin a chur in iúl; cabhair do leanaí chun féinmheas a fhorbairt, rud is ábhar le pearsantachtaí stuama; in ann caidreamh sláintiúil a dhéanamh; grá agus aire do leanaí; tugann na tuismitheoirí tacaíocht dá chéile; eiseamláirí do leanaí; etc.*

***Feidhm oideachasúil:*** *is é an teaghlach an príomhoideoir; tugann na tuismitheoirí creideamh agus nósanna do na leanaí; tarlaíonn cuid mhór foghlama agus forbairt intleachtúil go luath sa saol; cruthaíonn cluichí agus bréagáin oideachasúla timpeallacht spreagúil; tacaíonn an baile leis an scoil; tá moladh agus spreagadh tábhachtach; etc.*

***Sóisialú:*** *foghlaimíonn leanaí trí bhreathnóireacht, aithris agus smacht comhsheasmhach, nithe a chuidíonn leo luachanna agus patrúin iompraíochta a fhorbairt chun cur ar a gcumas cloí agus comhcheangal leis an tsochaí agus meas a bheith acu ag an am céanna ar a gcúlra eitneach, a gcreideamh, a ndath craicinn; etc.*

(b) Déan cur síos ar <u>**dhá**</u> shlí le déileáil le coimhlint sa teaghlach. **(12)**

***2 shlí @ 6 mharc an ceann***

*Achrann a sheachaint; is í an chumarsáid an rud is tábhachtaí – is riachtanach go labhraíonn agus go n-éisteann an dá pháirtí lena chéile ionas go dtuigeann siad cás a chéile; comhréiteach – caithfidh an dá thaobh géilleadh beagán; sos a ghlacadh agus am a thabhairt do dhaoine suaimhneas a dhéanamh; maolaítear an choimhlint má táthar in ann ionbhá a léiriú le daoine; ba chóir go mbeadh léirthuiscint ag an dá thaobh ar a bhfuiltear ag súil leis agus ar conas a dhéileálfar le claonadh ó na rialacha; etc.*

(c) Mínigh cén fáth a bhfuil tábhacht le cumarsáid mhaith idir na baill de theaghlach. **(10)**

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***


*Tá fíorthábhacht le meas ó thaobh cumarsáid mhaith de; tugann plé léargas níos forleithne do dhaoine ar chúrsaí; ba chóir go mothódh gach ball de theaghlach compordach agus sábháilte chun a gcuid tuairimí agus braistintí a chur in iúl; tá gach ball de theaghlach ar an eolas faoi thuairimí a chéile i leith saincheisteanna éagsúla; teastaíonn cumarsáid ón gcomhréiteach; ní féidir coimhlint a réiteach gan cumarsáid; tá cumarsáid i gceist le moladh agus spreagadh agus tá siad tábhachtach chun féinmheas dearfach a fhorbairt; etc.*

# Roinn C

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.**

**1.(a) Tá triúr clainne óga ag Seán agus Siobhán agus tá sé i gceist acu teach nua a thógáil. Taispeántar sa léaráid thíos an plean urláir don teach.**




(i) Déan measúnú ar oiriúnacht an phlean tí seo do Sheán, Siobhán agus a gclann. **(15)**

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Tá a seomra leapa féin ag gach leanbh; tá seomraí leapa na leanaí mór go leor chun deasc staidéir a chur i ngach ceann acu chomh maith le limistéar stórála leordhóthanach; tá en suite i seomra leapa na dtuismitheoirí ar mhaithe leis an bpríobháideachas; d'fhéadfaí an garáiste a thiontú ina sheomra súgartha; tá an chistin/seomra bia mór oiriúnach do spás siamsaíochta agus teaghlaigh; spás ar fáil sa seomra suí ar leith le haghaidh léitheoireachta, breathnú ar an teilifís; limistéar súgartha féideartha; siamsaíocht réchúiseach; teacht éasca ar na leanaí chun iad a sheiceáil tar éis am luí; etc.*

Mol **dhá** athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar phlean an tí chun freastal ar riachtanais an teaghlaigh amach anseo. **(10)**

***2 athrú @ 5 mharc an ceann***

*An garáiste a thiontú ina sheomra súgartha faoi láthair agus é a thiontú ina sheomra staidéir amach anseo; d'fhéadfaí an leithreas in aice leis an tríú seomra leapa a thiontú ina en-suite chun freastal ar aíonna nuair is gá; d'fhéadfaí spás stórála a chur sa seomra fearais le haghaidh trealamh spóirt; etc.*

(ii) Ainmnigh **trí** sheirbhís ghairmiúla a úsáidtear nuair a bhíonn teach nua á dhearadh agus á thógáil agat **agus** déan cur síos orthu. **(18)**

***3 sheirbhís @ 6 mharc an ceann***

***Ailtire:*** *comhairle roghnú an tsuímh; dearann agus ullmhaíonn sé nó sí na pleananna tí; tugann sé nó sí comhairle faoi chonraitheoirí; déanann sé nó sí iarratas pleanála; cuireann sé nó sí dearadh an tí in oiriúint do riachtanais an teaghlaigh; is féidir leis nó léi maoirseacht a dhéanamh ar thógáil an tí; etc.*
***Suirbhéir:*** *cuireann sé nó sí an suirbhé suímh i gcrích; aithníonn sé nó sí fadhbanna féideartha; tugann sé nó sí comhairle faoin dóigh a ndéileáiltear leis na fadhbanna sin sula ndéanann siad dochar don teach; etc.*
***Innealtóir:*** *tugann sé nó sí comhairle faoi struchtúr an tí; déanann sé nó sí maoirseacht ar thionscadail; tugann sé nó comhairle faoi fhadhbanna tógála; etc.*

***Dlíodóir:*** *déileálann sé nó sí leis an ngné dhlíthiúil, e.g. tugann sé nó sí comhairle faoi rialacháin tógála agus phleanála; cinntíonn sé nó sí go bhfuil gníomhais teidil in ord; seiceálann sé cearta slí agus clárlann na talún; etc.*
***Tógálaí; Leictreoir; Pluiméir; Plástrálaí; etc.***

(iii) Cén fáth a bhfuil sé riachtanach cead pleanála a fháil nuair a bhíonn teach á thógáil? **(7)**

***1 phointe @ 7 mharc***

*Éilíonn an dlí ar dhuine cead pleanála a fháil chun teach a thógáil; ní thógfar titheos cionn comharsan; ní thógfar monarchana tionsclaíocha i limistéir chónaithe; tá srianta ar thógáil tithe i láithreacha áilleachta; caithfidh stíl an tí cloí le tithe eile sa cheantar; etc.*

**agus**

**1.(b)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **<u>thrí</u>** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn troscán á roghnú. **(12)**

***3 thoisc @ 4 mharc an ceann***

C*ineál – seanda, traidisiúnta nó comhaimseartha; an spás atá ar fáil; stíl agus feidhm an tseomra; costas; an déanamh agus na hábhair a úsáideadh; cáilíocht; feistiú an tseomra; roghanna pearsanta; infhaighteacht; lipéid sábháilteachta; etc.*

(ii) Ainmnigh **<u>dhá</u>** phíosa de throscán stórála a bheadh oiriúnach do sheomra suí nua-aimseartha **agus** déan cur síos orthu. Tabhair cúiseanna le do rogha.

***2 phíosa @ 5 mharc an ceann*** **(10)**

***(Ainm: 3 mharc, Cur Síos: 2 mharc)***

**Píosaí:** *is féidir leo a bheith ina seasamh leo féin nó ionsuite; aonaid mhodúlacha; aonaid seilfeanna adhmaid/miotail; caibinéid bhalla, chomhad, agus teilifíse; cófra troscán; leacphacaí lena gcur le chéile sa bhaile; ciseáin agus boscaí stórála; bosca bréagán; etc.*

***2 chúis @ 4 mharc an ceann*** **(8)**

**Cúiseanna:** *seomraí trangláilte míshlachtmhara a sheachaint; míreanna a cheilt; grianghraif, trófaithe, etc. a thaispeáint; is féidir rudaí a fháil go héasca; cuma an tseomra a fheabhsú; etc.*

**nó**

**1.(c) Tá córas nua táillí d'uisce tí á thabhairt isteach in Éirinn do thithe atá ceangailte le soláthar uisce poiblí.**

(i) Déan cur síos ar **<u>thrí</u>** mhodh le huisce a chaomhnú sa teach. **(15)**

***3 mhodh @ 5 mharc an ceann***

*Cithfholcadh a ghlacadh seachas folcadh; gan sconnaí a fhágáil ag rith agus fiacla á ní; úsáid a bhaint as scála sa doirteal nuair a bhíonn glasraí nó soithí á ní de láimh; sceitheadh/sconnaí atá ag sileadh a dheisiú; córas dhá shruthlú sa leithreas; lánlóid a chur sa mheaisín níocháin agus sa mhiasniteoir sula gcuirtear ar siúl iad, níochán barainne nó níochán tapa a roghnú le haghaidh éadaí/soithí nach bhfuil ach beagán salachair orthu; etc.*

(ii) Luaigh an fheidhm atá ag **gach** ceann de na codanna seo a leanas den soláthar uisce fhuair do theach: **(i)** buacaire stoptha, **(ii)** umar stórála agus **(iii)** píobán sceite. **(15)**

***3 fheidhm @ 5 mharc an ceann***

***Buacaire stoptha:*** *ligeann sé don uisce casadh as le haghaidh deisiúchán nó i gcás píobáin uisce phléasctha nó tuile; etc.*
***Umar stórála:*** *bíonn sé suite san áiléar toisc go bhfeabhsaíonn an airde an brú chun uisce a sholáthar don chóras: rialaíonn comhla liathróide leibhéal an uisce san umar; stórálann sé an t-uisce fuar a théann chuig na sconnaí, na leithris agus umar an teophreasa sa teach; etc.*
***Píobán sceite:*** *feistítear umair stórála san áiléar le píobán sceite a théann taobh amuigh den teach agus iompraíonn sé uisce breise amach as an teach má theipeann ar an gcomhla liathróide; cuireann sé cosc ar thuile; etc.*

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.**

**2.(a) Tá stíleanna reatha i gcúrsaí faisin do dhéagóirí an-chosúil leis na stíleanna reatha i gcúrsaí faisin do dhaoine fásta, bíodh go mbíonn cuma níos óigeanta orthu.**

(i) Déan sceitse d'fheisteas de do rogha féin a léiríonn stíleanna reatha i gcúrsaí faisin do dhéagóirí **agus** déan cur síos air. **(10)**

***Sceitse: 6 mharc, Cur síos: 2 phointe @ 2 mharc an ceann***

***Sceitse:*** *ba cheart go léireofaí sonraí ann faoi na gnéithe dearaidh, i.e. líne, cruth, comhréir, teacht le chéile, etc. ba cheart go mbeadh sé lipéadaithe go soiléir, d'fhéadfaí an cineál fabraice/dath a áireamh; etc.*

***Cur síos:*** *dath; dearadh; líne; comhréir; cruth; pócaí; séamaí; cineál muiníl; muinchillí; fabraic; bailchríocha fabraice; airíonna; oiriúintí; etc.*

(ii) Mínigh conas a cuireadh na gnéithe seo a leanas den dearadh i bhfeidhm ó thaobh dhearadh an fheistis de:

- dath
- line
- cruth. **(15)**

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

***Dath:*** *na dathanna a roghnaíodh – bundathanna – tarraingíonn siad aird an duine; ní éiríonn dathanna neodracha seanfhaiseanta, cuireann pastail mothú baineann samhraidh in iúl; bíonn cuma níos tanaí ar dhaoine nuair a bhíonn dathanna dorcha orthu; bíonn cuma níos mó ar dhaoine nuair a bhíonn dathanna éadroma orthu; etc.*

***Líne:*** *cruthaíonn sí seachmaill éagsúla; tugann sí treoir do na súile lena leanúint; tugann línte ingearacha fad le fios; úsáidtear línte cothrománacha ar mhaithe le leathnú agus giorrú; tá feidhm bhogtha ag cuarlínte; cuireann línte trasnánacha codarsnacht agus béim leis; etc.*

***Cruth:*** *ar mhaithe le dul in oiriúint do chruth an duine, e.g. ba chóir do dhuine ag a bhfuil cromáin leathana cruinnithe/pléataí a sheachaint; tig le daoine a bhfuil cruth díreach ar a gcorp fabraicí dlúthfhite a chaitheamh; etc.*

**agus**

**2.(b)** Scríobh próifíl d'fhabraic shintéiseach / shaorga faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- táirgeadh an tsnáithín
- airíonna
- teicníc tógála fabraice. **(15)**

***5 phointe @ 3 mharc an ceann***

***Ainm: 3 mharc, 1 tagairt do gach ceann + 1 tagairt eile***

***Táirgeadh an tsnáithín:***

***Níolón*** *– measctar dhá cheimiceán ar a dtugtar monaiméirí i gcóimheas 1 le 1 agus déantar iad a théamh agus cruthaítear polaiméir fhadslabhrúil dá thoradh; cuirtear an snáithín ar roth uiscefhuaraithe a bhíonn ag casadh agus fuaraíonn sé sin an ribín; déantar é a tharraingt trí umar uisce fhuair, áit a soladaíonn sé; gearrtar ina shliseanna é agus ní mór iad sin a thriomú; déantar iad a leá ansin agus easbhrúitear iad as poll beag; nuair a dhéanann siad teagmháil le haer fuar, soladaíonn siad isteach i snáth níolóin atá réidh le sní; etc.*

***Poileistear*** – *tá poileistear cosúil le níolón, cruthaítear leacht slaodach agus easbhrúitear é trí phoill chaola i mbuinne nó i sníomhadán; soladaíonn na filiméid nuair a shroicheann siad aer fuar; etc.*

***Airíonna:***
***Níolón*** – *éadrom le caitheamh; deasaíonn sé go maith; láidir; roc-obach; éasca a dhathú; dódhíonach; seasmhacht in aghaidh coinclí; ardseasmhacht in aghaidh caithimh; is féidir é a 'shocrú' go buan ó thaobh méide agus crutha de, rud a chuireann cosc ar shearradh nó crapadh i ndiaidh níocháin; etc.*

***Poileistear*** – *go maith maidir le ní agus caitheamh; friotaíoch in aghaidh roc; siltriomaíonn sé go tapa; friotaíocht ar smálú; etc.*

***Teicnící tógála fabraice:***
***fíodóireacht*** – *síntear dlúth ar sheol, cuirtear inneach os cionn agus faoi bhun an dlúith ó thaobh go taobh; de réir mar a thagann na snáitheanna innigh anuas ar imill amuigh na snáitheanna dlúith, cruthaítear imeall dlúthchiumhaise agus cuireann sé sin cosc ar sceitheadh; etc.*
***Cniotáil; cróiseáil; déanamh lása; macramé; nascadh; etc.***

**nó**

**2.(c) Is é is patrúin tráchtála ann ná patrúin lánscála de pháipéar síoda i gcomhair éadaí a úsáidtear nuair a bhíonn baill éadaigh á ndéanamh.**

(i) Liostaigh **<u>trí</u>** thoisc le cur san áireamh agus pátrún tráchtála á roghnú agat. **(9)**

***3 thoisc @ 3 mharc an ceann***

*Oiriúnacht don fheidhm; costas; infhaighteacht na n-ábhar oiriúnach; na mangaisíní atá san áireamh; etc.*

(ii) Luaigh an tábhacht a bhaineann le ball éadaigh a phreasáil (iarnáil) agus é á chur le chéile. **(6)**

***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Faigheann sé réidh le filltíní; tá gá leis chun béim a leagan ar dhairteanna; osclaíonn sé na séamaí; cuireann sé cuma na n-éadaí trí chéile chun feabhais; etc.*

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) agus 3(b) nó 3(c) a fhreagairt.**

**3.(a) D'ainneoin a fheabhas a d'éirigh linn líon na ndaltaí a fhanann ar scoil leis an Ardteistiméireacht a dhéanamh a ardú le blianta beaga anuas, taispeánann an chairt thíos go bhfuil líon suntasach daltaí ann a éiríonn as an scoil go luath.**

(*Irish Examiner, Bealtaine 2013*)

| **2009 / 2010** | **Líon na ndaltaí a éiríonn as an scoil go luath** |
|---|---|
| **1ú Bliain / 2ú Bliain** | **1,500** |
| **3ú Bliain** | **1,777** |
| **An Idirbhliain** | **1,064** |
| **5ú Bliain / 6ú Bliain** | **3,299** |

(i) Agus tú ag tagairt don chairt thuas, pléigh **ceithre** chúis a n-éiríonn daltaí as an scoil go luath. **(20)**

***4 chúis @ 5 mharc an ceann***

*Fadhbanna teaghlaigh; saincheisteanna sláinte; timthriall na bochtaineachta; deacrachtaí airgeadais; dearcadh tuismitheora ar an oideachas; piarbhrú diúltach; bulaíocht; cumas an duine; méid an teaghlaigh; an saol ag an mbaile; an áit ina bhfuil an scoil (díothach ón taobh sóisialta de); etc.*

(ii) Tabhair cuntas ar **cheithre** phríomhthoisc a mbíonn tionchar acu ar an gcaighdeán a bhaineann mic léinn tríú leibhéal amach ó thaobh an oideachais de. **(20)**

***4 thoisc @ 5 mharc an ceann***

*Cumas intleachtúil; an cúrsa ceart a roghnú; cás an teaghlaigh – costas – ag obair go páirtaimseartha; an saol ag an mbaile; piaraí – is féidir leo a bheith dearfach nó diúltach; an ceantar; timpeallacht an choláiste; dearcadh tuismitheoirí ar an oideachas; áiseanna staidéir; bulaíocht; etc.*

(iii) Ainmnigh tionscnamh oideachais **amháin** a chabhraíonn chun daoine óga a choinneáil ar scoil **agus** tabhair sonraí faoi. **(10)**

***Ainm: 5 mharc, Sonraí: 5 mharc***

***An Ardteistiméireacht Fheidhmeach:*** *clár dhá bhliain; clár atá bunaithe ar mhodúil; measúnú leanúnach lena ngabhann scrúduithe praiticiúla, béaltrialacha agus scrúduithe scríofa ag an deireadh; is féidir leas a bhaint aisti chun dul isteach i gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta; bronntar na teastais seo a leanas: 'pas', 'pas le tuillteanas' nó 'pas le gradam'; etc.*
***Gairmchlár na hArdteistiméireachta:*** *clár dhá bhliain: nascmhodúil éigeantacha; ní mór staidéar a dhéanamh ar theanga iasachta; déantar measúnú air mar seo a leanas: obair phunainne (60%) agus scrúdú scríofa (40%); is féidir 'pas', 'pas le tuillteanas' nó 'pas le gradam' a ghnóthú; d'fhéadfadh sé go mbainfí úsáid as an toradh sin le haghaidh pointí in áit ábhar traidisiúnta amháin san Ardteistiméireacht d'fhonn áit a bhaint amach in institiúid ardoideachais; etc.*

***An Idirbhliain:*** *clár é seo a dhíríonn ar dhaltaí agus nach mbaineann scrúduithe ar bith leis – spreagann sé féinfheasacht, féinfhorbairt, obair bhuíne agus freagracht; foghlaimíonn daltaí scileanna nua, fiosraíonn siad ábhair nua, déanann siad taithí oibre, glacann siad páirt i mionchuideachtaí, déantar staidéar ar dhrámaíocht; ghnáthábhair freisin mar chuid den chlár; etc.*
***An Teastas Sóisearach – Clár Scoile (TSCS):*** *tugtar teastas do na daltaí as scileanna a bhaint amach agus as ráitis ábhair a chur i gcrích, bronntar próifílí dalta orthu freisin; díríonn sé ar na daltaí is mó atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath; etc.*
***Clár Críochnaithe Scoile:*** *tá sé mar aidhm ag an gclár seo cur le líon na leanaí óga atá ag fanacht i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna; cuirtear plean i bhfeidhm chun daltaí a choinneáil ar scoil agus chun an t-aistriú ón mbunscoil chuig an meánscoil a éascú; etc.*
***Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail:*** *cuireann an scéim seo tuismitheoirí agus an pobal san áireamh sa scoil; aithnítear daltaí óna dteastaíonn cúnamh airgeadais agus foghlama; etc.*
***DEIS:*** *cuireann sé le líon na ndeiseanna oideachais i gceantair faoi mhíbhuntáiste; cóimheas níos lú maidir le múinteoirí agus daltaí; etc.*
***An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS):*** *díríonn sí ar dhaltaí atá i mbaol a bheith eisiata ón scoil mar gheall ar fhadhbanna iompraíochta; cuireann sí comhairle ar fáil; cuireann sí cláir um láimhseáil feirge ar fáil; etc.*

**agus**

**3.(b)** (i) Pléigh an tionchar a bhíonn ag **gach** ceann díobh seo a leanas ar shaol an teaghlaigh: **(20)**

***4 phointe @ 5 mharc an ceann***
***(1 tagairt do gach ceann + 1 tagairt eile)***

- athruithe i bpatrúin lonnaíochta ó cheantair tuaithe go ceantair uirbeacha

*Méadú ar an daonra uirbeach; deiseanna níos fearr – fostaíocht, oideachas, taitneamhachtaí; etc. an fheirmeoireacht ina tionscal dlúthshaothair níos lú agus laghdú ar líon na bpost dá bhrí sin; daonra níos aosta i gceantair thuaithe; seirbhísí teoranta i gceantair thuaithe, e.g. dúnadh oifigí beaga poist, dúnadh stáisiúin na nGardaí; níos lú airgid ón Rialtas á chaitheamh ar bhonneagar agus iompar; níos lú taitneamhachtaí sóisialta; etc.*

- laghdú ar uaireanta oibre

*Athrú ar an gcineál saoil; uaireanta oibre níos giorra; níos mó ama le caitheamh leis an teaghlach; is féidir le tuismitheoirí na páistí a bhailiú ón scoil, méadú ar ghníomhaíochtaí fisiciúla de bharr am fóillíochta níos mó; ioncam indiúscartha níos lú ag an teaghlach; neamhchinnteacht maidir leis an todhchaí; athrú ar chaitheamh aimsire ón ionad gleacaíochta go rothaíocht, cnocadóireacht; etc.*

- dálaí oibre feabhsaithe.

*Seachtain/lá oibre níos giorra; rátaí pá níos fearr in aghaidh na huaire; níos mó ioncam indiúscartha agus caighdeán maireachtála níos fearr; tá daoine níos sásta ag an obair, rud ar féidir leis tionchar dearfach a imirt ar shaol an teaghlaigh agus chomh maith leis sin tá siad níos sláintiúla agus tá níos lú seans ann go dtiocfaidh tinneas fisiciúil agus meabhairghalar orthu; etc.*

(ii) Mínigh conas a dhéantar cearta daoine óga atá ag obair go páirtaimseartha a chosaint. **(10)**

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Leagtar amach coinníollacha oibre – uaireanta, aoisteorainn agus sosanna; tá feidhm aige sin maidir le gach fostaí faoi 18 mbliana d'aois; ní cheadaítear leanaí faoi 16 bliana d'aois dul i mbun fostaíocht lánaimseartha; féadfaidh leanaí atá 14 bliana agus 15 bliana d'aois dul i mbun obair éadrom le linn laethanta saoire scoile, le linn na scoilbhliana nó taithí oibre; féadfaidh leanaí idir 16 agus 18 mbliana d'aois obair suas le 40 uair sa tseachtain; ní thig le leanaí faoi 18 mbliana d'aois obair tar éis 10.00pm; etc.*

**nó**

**3.(c) Is caiteachas mór airgeadais iad costais cúram leanaí do thuismitheoirí atá ag obair.**

(i) Sainaithin **<u>trí</u>** rogha cúram leanaí a d'fhéadfadh teaghlach le leanaí óga a chur san áireamh **agus** déan cur síos orthu. **(21)**

***3 rogha @ 7 mharc an ceann***

***Feighlí leanaí:** déantar cúram de na leanaí i dteach an fheighlí leanaí féin; is féidir cúram agus aird duine le duine a thabhairt; níos saoire; b'fhéidir nach mbeidh an oiliúint ná an taithí chuí ag an bhfeighlí chun freastal a dhéanamh ar riachtanais fhisiciúla, mhothúchánacha, shóisialta agus intleachtúla an linbh; iontaofacht/poncúlacht; etc.*
***Naíolann:** foireann láncháilithe; d'fhéadfadh sí a bheith ceangailte le hionad oibre; uaireanta; daor; cuidíonn sí le scileanna sóisialta an linbh; ní mór cloí le caighdeáin sláinteachais agus sábháilteachta chun deontais a fháil; etc.*
***Montessori:** go ginearálta, reáchtáiltear iad go príobháideach; múinteoirí oilte; cuirtear oideachas ar leanaí réamhscoile suas le 7 mbliana d'aois; spreagtar an fhoghlaim trí shúgradh ar luas an duine féin; etc.*
***Clár an Túis Luaith:** scéim idirghabhála choisctheach a mhaireann bliain amháin atá ar fáil i scoileanna roghnaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste do leanaí idir 3 agus 4 bliana d'aois; múinteoirí oilte, cúntóirí riachtanas speisialta (SNAnna) agus tuismitheoirí mar fhoireann; etc.*
***Naíonraí:** naíscoileanna nó naíonra atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge; etc.*
***Naíonraí:** tá deis ag leanaí a bheith ag súgradh le leanaí eile atá ar chomhaois leo; foghlaim faoi roinnt agus sealaíocht a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar rialacha an tseomra ranga; etc.*
***Au pair:** duine óg a gcaitear leis nó léi mar dhuine den teaghlach; tugtar lóistín agus bia agus airgead póca seachtaine dó nó di agus tugann seisean nó sise cúnamh chun aire a thabhairt do na leanaí; socraíocht dheonach idir teaghlach príobháideach agus duine príobháideach; etc.*

(ii) Ainmnigh tacaíocht / sochar leasa shóisialta **<u>amháin</u>** a íoctar le teaghlaigh a bhfuil leanaí acu **agus** tabhair sonraí faoi. **(9)**

***Ainm: 5 mharc, 2 phointe @ 2 mharc an ceann***

***Tacaíochtaí um Fhilleadh ar Scoil:** liúntas éadaí agus coisbhirt chun íoc as costas éidí agus coisbhirt do leanaí atá ag dul ar scoil; leabhair ar cíos; etc.*
***Sochar Linbh:** íocaíocht mhíosúil a íoctar le tuismitheoirí/cúramóirí leanaí faoi 16 bliana d'aois nó faoi 18 mbliana d'aois má tá an leanbh i mbun oideachas lánaimseartha; etc.*
***Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIS):** caithfidh duine amháin de na tuismitheoirí nó iad araon a bheith ag obair ar feadh 19 n-uaire sa tseachtain; caithfidh an t-ioncam a bheith faoi bhun leibhéil shocraithe ag brath ar mhéid an teaghlaigh; níl sé faoi réir cáin ioncaim; etc.*
***Liúntas Cíosa; Dearbháin Bhreosla; Liúntas Baintrí/Baintrí Fir; etc.***

